



## Tráth a Dó: Teaghlaigh an Chreidimh

# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018 á Cheiliúradh sa Pharóiste

Cuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018 ar An Domhnach, 28 Eanáir, An Ceathrú Domhnach Saor. Is é seo an deichiú bhliain dúinn a bheith ag déanamh ceiliúradh ar an gcion oibre a dhéanann na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna maidir le misean na hEaglaise i measc an phobail creidimh áitiúil, agus i measc na hEaglaise i gcoitinne. Is ceart go mbeadh an obair seo á cheiliúradh nuair a chruinnimid lena chéile le hadhradh a dhéanamh mar phobal, ag tús nó ag deireadh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. Is ceart chomh maith machnamh a dhéanamh faoi na bealaí eile ina bhféadfaí tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobail na scoileanna nuair a bhíonn ceiliúradh na seachtaine seo i bhfeidhm. Tá cur síos anseo ar chuid de na bealaí ina bhféadfaí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh sa pharóiste.

### **An Domhnach, 28 Eanáir** **Ceiliúradh na hEocairiste, An Ceathrú Domhnach Saor**

Is féidir le grúpa liotúirgeach an pharóiste cabhrú leis an Aifreann seo a reáchtáil. D'fhéadfaí iad a spreagadh le hócáid bhliantúil pharóisteach a dhéanamh as Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Cuirtear tú leis i gcónaí ar an Domhnach deireanach de mhí Eanáir.

### **Cruinniú Pleanála**

Déan cruinniú a reáchtáil le príomhoidí agus le múinteoirí na mbunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna i rith na seachtaine roimh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus bíodh plé agaibh maidir leis na bealaí ina bhféadfaí téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a fhógairt agus a cheiliúradh i rith an liotúirge ar an 28 Eanáir. Mura mbíonn iar-bhunscoil Chaitliceach sa pharóiste, seans go bhféadfaí cuid daltaí ón pharóiste atá ag freastal ar scoileanna i bparóistí eile a mhealladh le páirt a ghlacadh i do pharóiste féin. An mbaineann do pharóiste le scéim ghradaim An Pápa Eoin Pól II agus an nglacadh na daltaí sin nó cinnire na ngradam páirt sa chruinniú pleanála úd? Bíodh ball de ghrúpa liotúirge an pharóiste i láthair chomh maith.



## An tAifreann

### Fáiltiú agus Míniú

Ba cheart cúpla focal a rá faoi théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018 – [Scoileanna Caitliceacha: Teaghlach an Chreidimh](#).

### Mórshiúl Iontrála/Áit Urnaí

Seans go mbeadh sé oiriúnach mórshiúl iontrála a bheith ann ar an Domhnach seo. Is féidir siombailí atá oiriúnach do scoileanna an pharóiste a bheith ar taispeáint. D'fhéadfaí áit urnaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018 a chruthú ina mbeadh eolas faoin teaghlach sa bhaile, an teaghlach ar scoil, teaghlach an pharóiste agus an teaghlach domhanda le feiceáil. D'fhéadfaí siombail éagsúil in aghaidh na scoile a chur san áit urnaí mar chuid den mhórshiúl iontrála, rud a tharraingeodh aird ar an gcion oibre a dhéanann na scoileanna Caitliceacha i saol na hEaglaise.

### Ceol

Déan iarracht na daltaí agus an fhoireann a bheith ag glacadh páirte i gceol an liotúirge. D'fhéadfadh cuid de na mic léinn an salm a chanadh agus comhgháir an tSoiscéil chomh maith.

### Liotúirge an Bhriathair

Is féidir na léachtaí, guí an phobail agus araile a bhaineann leis an gCeathrú Domhnach Saor a aimsiú in eagrán An Nollaig/Eanáir de *Intercom*.

Toisc gur gnáthcheiliúradh Eocairisteach an Domhnaigh é seo, ba cheart go mbeadh an léitheoir aitheanta ann mar is gnáth. Is comhartha láidir é seo go ndéantar sinn a chothú ag Eocairist an Domhnaigh ionas gur féidir linn filleadh ar an teaghlach nó ar ár bpobal scoile féin leis an Soiscéal a chraobhscaoileadh ina measc. Déan guí ar son phobal na scoileanna Caitliceacha agus ar son na dteaghlach, agus ar son Chruinniú Domhanda na dTeaghlach a bheidh ag tarlú i mBaile Átha Cliath, mí Lúnasa 2018. Seans go mbeadh daoine óga sásta na paidreacha seo a scríobh agus a léamh.

### An Altóir á Ullmhú agus Ofráil na mBronntanas

Ba mhaith an rud é a iarraidh ar ionadaithe ón scoil, ón mbaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus na bronntanais den fhíon agus den arán a ofráil. Comhartha láidir a bheadh ann do chách go bhfuil géarghá ann go mbeadh na grúpaí sin ag comhoibriú go maith lena chéile ionas go dtabharfaí fianaise ar luachanna an tSoiscéil a bhíonn á gcur ar aghaidh againne mar bhaill na hEaglaise.

### Fáilteachas

Ba mhaith an rud é go mbeadh fáilteachas agus cupán tae ar fáil i ndiaidh an Aifrinn. Seans go bhféadfadh cumann na dtuismitheoirí agus grúpaí áitiúla eile a leithéid a réachtáil.



## Smaointe Breise

### Nuachtlitir an Pharóiste

Bí cinnte faoi go mbíonn tagairt do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i nuachtlitir an pharóiste, leis an scéal a scaipeadh. Bíodh gach imeacht paróisteach a bhaineann leis an ócáid luaithe go soiléir ann. Seo mír shamplach:

Is ar An Domhnach, 28 Eanáir a chuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018. I rith na seachtaine seo déantar ceiliúradh ar an gcion oibre uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna maidir le misean na hEaglaise a thabhairt amach i measc phobail an chreidimh, agus ar fud an domhain. Is é téama na bliana seo ná: **Scoileanna Caitliceacha: Teaghlach an Chreidimh**. Meabhraítear dúinn go mbainimid le teaghlach an chreidimh. Bíonn an teaghlach dírithe ar Íosa Críost, iarrann seisean orainn guí a dhéanamh agus aire a thabhairt dá chéile.

Nach bhféadfadh mic léinn ón pharóiste an nuachtlitir a scaipeadh ag an Aifreann?

### Bord Bainistíochta/Gobharnóirí

Bíodh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018 ar an gclár den chéad chruinniú eile. Déanaigí machnamh ar théama na bliana seo agus conas mar is féidir é a cheiliúradh ar scoil. Conas mar is féidir leis an mBord Bainistíochta/Gobharnóirí an ceiliúradh seo a éascú?

### Comhairle an Pharóiste

Tarraing aird chomhairle an pharóiste ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha agus iarr orthu tuairimí a nochtadh faoin gceiliúradh i mbliana. Bain úsáid as an alt: 'Scoileanna Caitliceacha: Pobal á Thógáil' ó *Roinn an Soiscéal: Eolaí Náisiúnta don Chaiticéis* le plé a thosú maidir le ról na scoileanna Caitliceacha, agus conas mar is féidir leis an bpobal creidimh tacú leo ar bhealach feabhsaithe.

Ba mhaith an rud é go dtapódh an séiplíneach an deis seo agus cuairt a thabhairt ar an méid seomraí ranga agus is féidir. Tabharfaidh acmhainn Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha smaointe do dhaoine maidir le fócas na cuairte, toisc go mbíonn téama éagsúil in aghaidh an lae ann. Déan na scoileanna a spreagadh le páirt a ghlacadh i Lá na Seantuismitheoirí, An Chéadaoin, 31 Eanáir.

### Urnaí i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018

Tá seirbhís urnaí ar fáil do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018. Bíonn machnamh in aghaidh an lae in acmhainní na bunscoile agus na iar-bhunscoile i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018 agus moltaí ann chomh maith maidir le smaoinreamh gairid a dhéanamh ar an ábhar ina dhiaidh sin. Conas mar a d'fhéadfadh an séiplíneach cabhrú leis na himeachtaí seo a chur ar aghaidh?